



Uimhreacha Craiceáilte

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Uimhreas	Ionadluach & bonn a deich

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann tuiscint a fháil ar uimhir a deich mar bhunús le haghaidh ionadluacha agus comhairimh.	- Feidhmíonn deich mar bhonn ár n-uimhreachórais. - Is féidir uimhreacha a idirdhealú de réir an luach cainníochtúil atá acu.

Matamaitic á Foghlaim

Cuidíonn an t-eispéireas foghlama seo leis na foghlaimeoirí chun tuiscint a fháil ar uimhir a deich. Chun tús a chur leis an eispéireas, déanann na foghlaimeoirí ar fad grúpa de dheich ach úsáid a bhaint as réimse uirlisí, m.sh. deich licín ar fhráma deich, coiríní ar rekenrek, ciúbanna Unifix, lúba, pionnaí agus pionnachlár srl. Glaonn an múinteoir uimhir randamach amach idir a náid agus a deich. Athraíonn na foghlaimeoirí a ngrúpa de dheich chun an uimhir a glaodh amach a léiriú agus míniú a thabhairt maidir leis an méid a chuirfidh siad leis nó a bhainfidh siad de sula gcuirfidh siad an tasc i gcrích, m.sh. glaonn an múinteoir uimhir a trí amach agus deir na foghlaimeoirí “Bainfidh mise seacht de”. Ar an gcaoi sin, is féidir an t-eispéireas foghlama seo a chur i gcrích mar ghníomhaíocht i ngrúpaí beaga.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhanna
<i>An foghlaimeoir</i>			
Fiosraíonn sé an caidreamh idir na huimhreacha 1-9 agus a gcaidreamh le 10 chomh maith.	Léiríonn sé a chuid smaointe agus roinneann sé a smaointeoireacht le daoine eile ó bhéal, go coinceíteach, mar rud pictiúrtha agus mar rud teibí.	Déanann sé iniúchadh ar eagair éagsúla láimhseog (Mar shampla: ar fhrámaí deiceanna) chun íomhánna meabhracha difriúla d'uimhreacha suas chuig 10 a thabhairt chun cuimhne, agus tuiscint á fáil aige ar gach uimhir.	Léirmhínníonn agus measann sé réitithe chun an bealach is éifeachtaí a fáil chun an uimhir nua a dhéanamh.



Matamaitic á Teagasc		
Meon Táirgiúil a Chothú		Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Cuidigh leis na páistí chun teacht ar phatrúin agus chun ceangail a dhéanamh m.sh. is ionann 8 agus 10 lúide 2. Déan ceiliúradh ar rath an linbh aonair chomh maith le rath comhoibríoch an linbh mar chuid de ghrúpa.		Cuir deiseanna ar fáil do na foghlaimeoirí chun iniúchadh agus turgnamh a dhéanamh le smaointe matamaiticiúla ach iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun uimhreacha a chur le chéile chun 10 a bhaint amach. Lig do na foghlaimeoirí spás sábháilte a bheith acu ar mhaithe leis an spontáineacht, cruthaitheacht, agus spraoi shamhlaíoch leis an Matamaitic.
	Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil	
	Déan ceiliúradh ar éagsúlacht agus ar chruthaitheacht nuair atáthar ag obair le samhlacha matamaiticiúla ach réimse uirlisí a chur ar fáil.	
Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid		Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Cuir deiseanna ar fáil trí thascanna a úsáid le haghaidh rannpháirtíocht atá idir dhomhain agus leanúnach le hábhar agus próisis mhatamaiticiúla ach spreagadh a thabhairt do na foghlaimeoirí a n-eolas a aistriú chuig réimse uirlisí.		Cuir timpeallacht shábháilte ar fáil do na foghlaimeoirí inar féidir leo a gcuid smaointeoireachta agus smaointe a roinnt agus a mhalartú Cuir smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus smaointe matamaiticiúla na bhfoghlaimeoirí in iúl arís eile ach úsáid a bhaint as leideanna amhail • “Mar sin, tá tú ag rá go...” • “Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil tú ag rá... an bhfuil sé sin fíor?”
Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic		
• Tabhair faoi deara an chaoi a ndéanann na foghlaimeoirí an uimhir nua. An dtosaíonn siad arís ó náid nó an bhfuil siad in ann an uimhir a athrú ach an méid a theastaíonn a chur leis nó a bhaint di? • An bhfuil na foghlaimeoirí in ann uimhreacha a cheangal le 10? • An bhfuil na foghlaimeoirí in ann a smaointeoireacht a léiriú agus a roinnt go coinceíteach, go pictiúrtha agus go teibí?		
Foinse		
Curtha in oiriúint ó Van de Walle, Karp, Bay-Williams (2014) <i>Elementary and Middle School Mathematics Teaching Developmentally</i> , 8ú heagrán lch 146		